



SAOIRSE BHUNAÍOCHTA AGUS SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

Leis an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, ráthaítear soghluaisteacht gnóthaí agus gairmithe in AE. Táthar ag súil le go leor ón Treoir um Sheirbhísí, mar tá sé ríthábhachtach chun an margadh inmheánach a thabhairt i gcrích. Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí gurb ionann agus EUR 236 bhiliún in aghaidh na bliana luach na dtairbhí arna nginiúint ó reachtaíocht atá glactha ag an bParlaimint i réimse na saorghluaiseachta seirbhísí, lena n-áirítear cáilíochtaí gairmiúla agus miondíol. Tiocfaidh méadú ar na tairbhí sin tar éis 2019 go dtí EUR 284 bhiliún in aghaidh na bliana.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 26 (margadh inmheánach), Airteagal 49 go hAirteagal 55 (bunú) agus Airteagal 56 go hAirteagal 62 (seirbhísí) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Féadfaidh daoine féinfhostaithe agus gairmithe nó daoine dlítheanacha de réir bhrí Airteagal 54 CFAE atá ag feidhmiú go dlíthiúil i mBallstát amháin: (i) gníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar bun ar bhonn seasmhach leanúnach i mBallstát eile (saoirse bhunaíochta: Airteagal 49 CFAE); nó (ii) a seirbhísí a thairiscint agus a sholáthar i mBallstáit eile ar bhonn sealadach agus iad ag fanacht ina dtír thionscnaimh (saoirse chun seirbhísí a sholáthar: Airteagal 56 CFAE). Tugtar le tuiscint uaidh sin go ndéanfaí idirdhealú ar bhonn náisiúntachta a dhíothú agus, má táthar chun na saoirsí sin a úsáid go héifeachtach, go ndéanfaí bearta a ghlacadh chun go n-éascófaí úsáid na saoirsí sin, lena n-áirítear comhchuíbhiú nó aitheantas frithpháirteach na rialacha náisiúnta maidir le rochtain ([2.1.6](#))

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Léirscaoileadh sa Chonradh

1. ‘Saoirsí bunúsacha’

Áirítear sa cheart bunaíochta an ceart chun gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrí ar a chonlán nó ar a conlán féin agus chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistiú, do ghníomhaíocht bhuan de chineál seasmhach leanúnach, faoi na



coinníollacha céanna agus na cinn atá leagtha síos ag dlí an Bhallstáit lena mbaineann maidir le bunaíocht dá náisiúnaigh féin.

Tá feidhm ag an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar maidir leis na seirbhísí uile a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, sa mhéid nach rialaítear iad leis na forálacha maidir le saorghluaiseacht earraí, chaipitil agus daoine. Chun 'seirbhís' a sholáthar, féadfaidh an duine a sholáthraíonn í a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht a shaothrú go sealadach sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, faoi na coinníollacha céanna a fhorchuireann an Ballstát sin ar a náisiúnaigh féin.

2. Na heisceachtaí

Faoi CFAE, déantar gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le hoibriú údaráis oifigiúil a eisiáimh ó shaoirse bhunaíochta agus soláthar seirbhísí (Airteagal 51 CFAE). Tá srian ar an eisiáimh sin, áfach, mar thoradh ar léamh teorantach: ní féidir le heisiáimh a chumhdach ach amháin na gníomhaíochtaí agus feidhmeanna sonracha sin a thugann feidhmiú údaráis le fios. Thairis sin, ní fhéadtar gairm iomlán a eisiáimh ach amháin má tá a gníomhaíocht iomlán tiomnaithe d'fheidhmiú údaráis oifigiúil, nó má tá an chuid atá tiomnaithe d'fheidhmiú údaráis phoiblí doscartha ón gcuid eile. Cuireann eisceachtaí ar chumas na mBallstát eisiáimh a dhéanamh ar ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil (Airteagal 346(1)(b) CFAE) agus rialacha a choinneáil do náisiúnaigh choigríche ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí (Airteagal 52(1)).

B. Treoir um Sheirbhísí — i dtreo thabhairt i gcrích an mhargaidh inmheánaigh

Leis an Treoir um Sheirbhísí ([Treoir 2006/123/CE](#) maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach), cuirtear leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar taobh istigh de AE. Ba é an 28 Nollaig 2009 an sprioc don chur chun feidhme a bhí aici. Tá an Treoir sin riachtanach chun an margadh inmheánach a thabhairt i gcrích, mar tá deiseanna ollmhóra inti maidir le buntáistí a bhaint amach do thomhaltóirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is é is aidhm di ná margadh oscailte aonair i seirbhísí a chruthú taobh istigh de AE agus ag an am céanna caighdeán seirbhísí a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí a áirithiú. Le cur chun feidhme iomlán na Treorach um Sheirbhísí, d'fhéadfaí trádáil i seirbhísí tráchtála a mhéadú 45% agus infheistíocht choigríche a mhéadú 25%, rud a chruthódh méadú idir 0.5% agus 1.5% OTI^[1]. Cuireann an Treoir sin le simpliú agus nuachóiriú riaracháin agus rialála. Baintear é seo amach ní hamháin trí scagadh a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana agus reachtaíocht ábhartha a ghlacadh agus a leasú, ach freisin trí thionscadail fhadtéarmacha (Ionaid Ilfhreastail a chur ar bun agus comhar riaracháin a áirithiú). Cuireadh moill shuntasach ar chur chun feidhme na Treorach i mBallstáit áirithe maidir leis an spriocdháta tosaigh. Chun í a chur chun feidhme go rathúil, teastaíonn tiomantas leanúnach polaitiúil agus tacaíocht fhorleathan ar leibhéal na hEorpa, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

[1] [Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Eoraip 2020'](#)



RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról tábhachtach imeartha ag an bParlaimint maidir le gníomhaíochtaí daoine féinfhostaithe a léirscaoileadh. Tá teorannú dian áirithithe aici maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir a chur i leataobh do náisiúnaigh (e.g. gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí). Is fiú an cás a lua a thug an Parlaimint ós comhair na Cúirte Breithiúnais in aghaidh na Comhairle mar gur theip uirthi gníomhú maidir le beartas iompair. As an gcás sin, a tugadh i mí Eanáir 1983, tháinig breithiúnas ón gCúirt ([Cás Uimh. 13/83 an 22 Bealtaine 1985](#)) inar cáineadh an Chomhairle mar theip uirthi saorsholáthar seirbhísí iompair idirnáisiúnta a áirithiú nó coinníollacha a leagan síos a chuireann ar chumas iompróirí neamhchónaitheacha seirbhísí iompair a fheidhmiú taobh istigh de Bhallstát. Ba shárú é seo ar an gConradh. Dá bhrí sin, bhí dualgas ar an gComhairle an reachtaíocht ba ghá a ghlacadh. Le cur i bhfeidhm an nós imeachta comhchinnteoireachta arna fhoráil i gConradh Maastricht, agus anois le cur i bhfeidhm an ghnáthnós imeachta reachtaigh, a tháinig ina dhiaidh sin, tá méadú tagtha ar ról na Parlaiminte agus anois pléann sí le formhór ghnéithe na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Bhí ról ríthábhachtach ag an bParlaimint freisin i nglacadh na Treorach um Sheirbhísí, agus tá súil ghéar á coimeád aici ar a cur chun feidhme. Thairis sin, tá sí ag cur brú ar na Ballstáit a n-oibleagáidí faoin Treoir a chomhlíonadh agus a cur chun feidhme cuí a áirithiú. An 15 Feabhra 2011, ghlac an Parlaimint [rún maidir le cur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí](#)^[2], agus an 25 Deireadh Fómhair 2011 ghlac sí [rún maidir le Próiseas Meastóireachta Frithpháirtí na Treorach um Sheirbhísí](#)^[3]. Tar éis teachtaireacht an Choimisiúin an 8 Meitheamh 2012 maidir le cur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí, d'ullmhaigh Coiste na Parlaiminte um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) tuarascáil maidir le 'Margadh Inmheánach do sheirbhísí: an staid mar atá agus na chéad chéimeanna eile', a glacadh sa suí iomlánach an 11 Meán Fómhair 2013^[4].

An 7 Feabhra 2013, ghlac an Parlaimint rún freisin le moltaí don Choimisiún maidir le rialú an Mhargaidh Inmheánaigh^[5], lena gcuirtear béim ar thábhacht na hearnála seirbhísí mar réimse lárnach fáis, ar ghné bhunúsach na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus ar na buntáistí a bhaineann leis an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme go hiomlán.

Mar ábhar tosaíochta tá obair déanta ag an bParlaimint ar thograí reachtacha maidir le seirbhísí teileachumarsáide, amhail Rialachán maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach ([Rialachán \(AE\) Uimh. 910/2014](#)) agus Rialachán lena leagtar síos bearta maidir leis an margadh aonair Eorpach don chumarsáid leictreonach agus chun 'Ilchríoch Idirnasctha' a bhaint amach. Go deimhin, mar gheall ar an togra ón gCoimisiún (COM(2013) 0627), glacadh [Rialachán \(AE\) 2015/2120](#) an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon (lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le

[2] [Treoir 2006/123/CE](#)

[3] [IO C 131E, 8.5.2013, lch. 46](#)

[4] [IO C 93, 9.3.2016, lch. 84](#)

[5] [IO C 24, 22.1.2016, lch. 75](#)



seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí). D'éascair [Rialachán \(AE\) Uimh. 531/2012](#) an 13 Meitheamh 2012 as freisin, maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas. Tá an Pharlaimint ag féachaint ar sheirbhísí airgeadais i réimse na rochtana ar sheirbhísí bunúsacha íocaíochta^[6] agus creidmheas tomhaltais agus creidmheas morgáiste ([Treoir 2014/17/AE](#)), agus freisin ar thaisteal láneagraithe agus socruithe taistil a dtugtar cúnaimh ina leith^[7]. Leis an [Treoir um Chreidmheas Morgáiste \(2014/17/AE\)](#) méadaítear cosaint tomhaltóirí trí íoscheanglais rialála a fhorfheidhmiú, ar gá do na Ballstáit iad a chomhlíonadh chun daoine aonair le socruithe creidmheasa ar mhaoin chónaithe a chosaint agus trína áirithiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas agus go bhfuil acmhainn airgeadais acu a n-iasacht mhorgáiste a íoc. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an [Treoir maidir le Margaí Airgeadais a Rialaítear níos Fearr agus atá Trédhearcach \(2014/65/AE\)](#) rialú agus trédhearcacht na margaí airgeadais ar fud AE a áirithiú. Bhí an Pharlaimint bainteach freisin le reachtaíocht a rith maidir le seirbhísí nuálacha amhail teicneolaíocht éigeandála tarrthála eCall i bhfeithiclí^[8], agus le fíorú a dhéanamh ar chur chun feidhme na [Treorach um Sheirbhís Uilíoch](#) agus na huimhreach éigeandála 112^[9]. An 28 Aibreán 2015, vótáil an Pharlaimint i bhfabhar teicneolaíocht eCall a dhéanamh éigeantach i ngach feithicil nua tar éis Aibreán 2018.

Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí gurb ionann agus EUR 236 bhilliún in aghaidh na bliana luach na dtairbhí arna nginiúint ó reachtaíocht atá glactha ag an bParlaimint i réimse na saorghluaiseachta seirbhísí, lena n-áirítear cáilíochtaí gairmiúla agus miondíol. Tar éis 2019, méadóidh na tairbhí sin go dtí EUR 284 bhilliún in aghaidh na bliana sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir um Sheirbhísí, go dtí EUR 80 billiún in aghaidh na bliana i réimse na seirbhísí gairmiúla agus go dtí EUR 20 billiún in aghaidh na bliana i réimse na seirbhísí a bhaineann le soláthar poiblí^[10].

Chun tuilleadh eolais a fháil, breathnaigh ar an staidéar arna ullmhú do choiste IMCO maidir le [‘Mapáil AE: Forléargas ar reachtaíocht a bhaineann le IMCO’](#).

Mariusz Maciejewski / Christina Ratcliff / Andreea Dobrita
04/2019

[6] [IO C 349E, 29.11.2013, lch. 74](#)

[7] [IO C 378, 9.11.2017, lch. 610](#)

[8] [OI C 285, 29.8.2017, lch. 568](#)

[9] [IO C 33E, 5.2.2013, lch. 1](#)

[10] Staidéar ar Chabhrú leis an bhFás: An Margadh Aonair do Sheirbhísí. Tairbhí eacnamaíochta do shaoránaigh agus do ghnólaicthe a sheachadadh (2019), arna ullmhú ag Roinn Beartais A arna iarraidh sin ag Coiste IMCO.

